

North South Ministerial Council
Joint Secretariat



An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas
An Chomhrúnaíocht

AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidH THEAS

CRUINIÚ AN FHORAIS TEANGA THUaidH THEAS

OIFIGÍ COMHRÚNAÍOCHTA CATT, ARD MHACHA

10 AIBREÁN 2025

COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an naoú cruinniú is fiche d'Fhoras Teanga na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas in Oifigí Comhrúnaíochta CATT, Ard Mhacha ar an 10 Aibreán 2025. Bhí an tAire Pobail, Gordon Lyons CTR, an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, Dara Calleary TD, agus an tAire Sóisearach ag Oifig an Fheidhmiúcháin, Aisling Reilly CTR, i láthair ag an gcruinniú. Bhí an tAire Calleary ina chathaoirleach ar an gcruinniú.

TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN AN FHORAIS TEANGA

2. Thug an Chomhairle dá haire na tuarascálacha ar dhul chun cinn ó Ghníomhaireacht na hUltaise agus ó Fhoras na Gaeilge maidir leis an tréimhse ón gcruinniú eárnála deiridh a tionóladh i mí na Bealtaine 2024; agus
3. D'fháiltigh na hAírí roimh phríomhéachtaí an Fhorais Teanga Thuaidh Theas ón gcruinniú eárnála deiridh lena n-áirítear:

Gníomhaireacht na hUltaise

- (i) tacaíodh le 9 bhféile phobail Ultaise a mheall thart ar 56,000 duine;
- (ii) bronnadh stádas suaitheanta na hUltaise ar 5 bhunscoil, tar éis clár oibre 18 mí a chríochnú;

Foras na Gaeilge

- (iii) óstáladh gradaim foilsitheoireachta na Gaeilge sa Taibhdhearc, Amharclann Náisiúnta na Gaeilge i nGaillimh.
- (iv) reáchtáladh comhdháil pleanála teanga dhá lá i mBaile Átha Cliath i bhFómhar 2024.

CÚRSAÍ RIALACHAIS CHORPARÁIDIGH

- 4. D'fhormheas an Chomhairle Plean Gnó 2025 an Fhorais Teanga Thuaidh/Theas agus mhol siad an soláthar buiséid/deontais lena mbaineann.
- 5. Luaigh an Chomhairle gur cuireadh tús le cainteanna idir an Foras agus na Ranna Urraíochta maidir leis an gcéad tréimhse Pleanála Corparáidí eile, 2026-2028, lena n-áireofar athbhreithniú comhoibríoch ar raon cúrsaí rialachais agus nósanna imeachta laistigh de na gníomhaireachtaí.
- 6. Thug an Chomhairle dá haire go leagfar Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Chomhdhlúite do 2022 don Fhoras Teanga faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus Thionól Thuaisceart Éireann go luath, agus go bhfuil an t-iniúchadh ar chuntais 2023 beagnach críochnaithe.

CEAPACHÁIN BOIRD

- 7. Cheap an Chomhairle Comhaltaí Boird ar roinnt Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas.

DÁTA AN CHÉAD CHRUINNIÚ EILE

- 8. Shocraigh an Chomhairle an chéad chruinniú eile den bhForas Teanga a reáchtáil i bhFómhar 2025.

Comh-Rúnaíocht

10 Aibreán 2025

www.northsouthministerialcouncil.org